**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
***State Examinations Commission***

***Scrúdú na hArdteistiméireachta 2005***

# *Staidéar Foirgníochta*


## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

***(200 Marc)***

***Dé Céadaoin 22 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2.00 - 4.30***

**(a)** *Freagair **Ceist 1** agus **trí** cheist eile.*
**(b)** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
**(c)** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
**(d)** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
**(e)** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
**(f)** *Ba chóir saorsceitsí néata a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
**(g)** *Ní mór ainm, méideanna, toisí agus sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar an líníocht.*

**1.** Tá doras comhréidh painéalta feistithe i mblocbhalla caighdeánach inmheánach 100mm a dhéantar as coincréit sholadach i dteach áirithe, mar a thaispeántar sa sceitse. Tá bailchríoch de chruaplástrar balla ag an mballa ar an dá thaobh. Tá urlár ag leibhéal na talún déanta as coincréit sholadach inslithe sa teach.



De réir scála 1:5, tarraing gearradh ceartingearach tríd an bhfotha, an urlár agus an doras. Ba chóir go dtaispeánfadh an gearradh na sonraí tógála go léir ó bhun fhotha an bhlocbhalla inmheánach go 600mm os cionn leibhéal an urláir chríochnaithe.


**2.** Tá landair stoda adhmaid neamh-ualachiompartha le bailchríoch phlástarchláir idir dhá sheomra leapa ar an gcéad urlár i dteach.

**(a)** Ag baint úsáide as ***sceitsí néata saorláimhe***, déan cur síos ar thógail an landair stoda. Léirigh ar na sceitsí ainmneacha agus toisí na bpáirteanna go léir.

**(b)** Déan cur síos ar **dhá** mhodh le bailchríoch dhromchla a chur ar an bplástarchlár roimh an bpéinteáil.

**(c)** Mol ceann amháin de na bailchríocha atá léirithe ag **(b)** agus tabhair **dhá** fháth gur mhol tú an bhailchríoch seo.


**3.** **(a)** Ag baint úsáide as ***léaráid shoiléir le lipéid***, sceitseáil córas le **huisce te** a sholáthar do dhoirteal cistine, mar a thaispeántar sa sceitse.
Cuir isteach iad seo a leanas sa léaráid agat:



- An príomhphíobán uisce ardaitheach agus umar stórála uisce;
- sorcóir d'uisce te;
- an phíbobair go léir don uisce te;
- na comhlaí atá riachtanach.

**(b)** Déan cur síos, ag baint úsáide as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe***, ar shonra dearaidh **amháin** a chuireann cosc le bolaithe teacht isteach sa chistin ó chóras folmhaithe fhuíollábhar an doirteal cistine.

**4.** Mar shíneadh le teach cónaithe, tá seomra ilghnothaí ann le díon leibhéalta adhmaid ar iompar ag blocbhalla coincréite seachtrach 300mm le cuas inslithe, mar a thaispeántar sa sceitse.



**(a)** De réir scála 1:5, tarraing gearradh ceartingearach trí sceimheal an dín leibhéalta. Ba chóir go dtaispeánfadh an gearradh na sonraí tógala go léir ó 400mm faoin mhaide balla go barr an dromchla dín. Taispeáin méadar amháin de ghiarsa dín. Cuir lipéid ar na comhbhaill dín go léir agus tabhair a dtoisí.

**(b)** Taispeáin ar an líníocht sonra dearaidh **amháin** a chintíonn go mbeidh go leor aerála ag an díon ag leibhéal na sceimhle.

5. **(a)** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta faoi leith nach mór cloí leo i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:


- Ag druileáil poill, dar trastomhas 10mm, tré bhileog aicriligh 6mm;
- Ag úsáid preabshábh le cruth cuarach a ghearradh i sraithadhmad 6mm;
- Ag úsáid druilire leictrigh lasmuigh;
- Ag cur dréimire i gcoinne balla seachtrach tí.

**(b)** Tabhair fáth **amháin** gur gá cloí le gach réamhchúram sábháilteachta a liostaítear thuas.

6. Baintear úsáid forleathan as córas teasa lárnaigh dhá phíobán i dtithe cónaithe.

**(a)** Déan ***sceitse néata saorláimhe*** de **dhá** radaitheoir i gcóras teasa dhá phíobán agus taispeáin go soiléir conas a cheanglaítear an dá radaitheoir sa chóras dhá phíobán.

**(b)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le córas teasa lárnaigh dhá phíobán i dteach cónaithe.



**(c)** Taispeánann an sceitse radaitheoir le húsáid i dteach cónaithe. Déan ***sceitse néata saorláimhe*** de **cheann amháin** de na comhlaí atá le feistiú ar an radaitheoir seo agus luaigh go soiléir an fheidhm atá leis an gcomhla.

7. Mínigh, le cúnamh nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe,*** **cúig** cinn ar bith de na téarmaí seo a leanas:

- Maide mullaigh;
- Rachta gabhail éadain;
- Stiall sheoidire-dhíonach;
- Mogall treisithe;
- Clár sciorta;
- Lindéar réamhstrusta coincréite;
- Droichead teirmeach.

8. Is gá cead pleanála a fháil sula dtógtar teach cónaithe.



**(a)** Luiagh **dhá** fháth go bhfuil sé riachtanach cur isteach ar chead pleanála le teach cónaithe a thógaint.

**(b)** Minigh an bhrí atá le cead pleanála iomlán.

**(c)** Déan cur síos ar an fheidhm atá le **trí** cinn ar bith díobh seo a leanas mar a bhaineann said le hiarratas le haghaidh cead pleanála:

- Fógra láithreáin;
- Fógra nuachtáin;
- Mapa shuíomh an láithreáin;
- Mapa leagan amach an láithreáin;
- Tástáil siothlaithe.

9. Baintear úsáid forleathan as insliú teirmeach i dtógáil tithe conaithe.

**(a)** Déan cur síos go mion ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le húsáid inslithe teirmigh i dtógáil tí cónaithe.

**(b)** Liostaigh **dhá** ábhar a úsáidtear le hinsliú teirmeach a sholáthar.

**(c)** Ag baint úsáide as nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe***, déan cur síos ar shuíomh oiriúnach i dteach cónaithe do **gach** ábhar inslithe a luaitear ag **(b)**.

Leathanach Bán